Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Feabhra 2024**
**(OR. en)**

**7017/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0207(COD)**

**CODEC 606**
**RECH 85**
**MED 12**
**AGRI 158**
**MIGR 94**
**PE 36**

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh (AE) 2017/1324 a mhéid a bhaineann le leanúint de rannpháirtíocht an Aontais sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA) faoin gclár Fís Eorpach<br>– An toradh ar an gcéad léamh i bParlaimint na hEorpa<br>(Strasbourg, 26-29 Feabhra 2024) |

## I. RÉAMHRÁ

I gcomhréir le forálacha Airteagal 294 CFAE agus leis an dearbhú comhpháirteach maidir le socruithe praiticiúla don nós imeachta comhchinnteoireachta[1], bhí roinnt teagmhálacha neamhfhoirmiúla ann idir an Chomhairle, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún d'fhonn teacht ar chomhaontú maidir leis an gcomhad seo ar an gcéad léamh.

Sa chomhthéacs sin, thíolaic Cathaoirleach an Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (ITRE), Cristian-Silviu BUŞOI (PPE, RO), leasú comhréitigh (leasú 2), thar ceann ITRE, ar an togra thuasluaite le haghaidh Cinnidh a raibh Paolo BORCHIA (ID, IT) tar éis dréacht-tuarascáil a ullmhú ina leith. Is le linn na dteagmhálacha neamhfhoirmiúla dá dtagraítear thuas a comhaontaíodh an leasú sin. Níor cuireadh aon leasuithe eile síos.

[1] IO C 145, 30.6.2007, lch. 5.

## II. VÓTÁIL

Nuair a vótáil an suí iomlánach an 27 Feabhra 2024, ghlac sé an leasú comhréitigh (leasú 2) ar an togra thuasluaite le haghaidh Cinnidh. Is é atá sa togra ón gCoimisiún arna leasú amhlaidh an seasamh ón bParlaimint ar an gcéad léamh, atá le fáil ina rún reachtach mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo é[2].

Léirítear leis an seasamh ón bParlaimint an méid a comhaontaíodh roimhe sin idir na hinstitiúidí. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann an seasamh ón bParlaimint a fhormheas.

D'fhéadfaí an gníomh a ghlacadh ina dhiaidh sin san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ón bParlaimint.

---

[2] Rinneadh an leagan sin den seasamh ón bParlaimint atá le fáil sa rún reachtach a mharcáil chun na hathruithe a léiriú a rinneadh de bharr na leasuithe ar an togra ón gCoimisiún. Is le ***cló trom agus cló iodálach*** a aibhsítear aon ní a cuireadh leis an téacs ón gCoimisiún. Is leis an tsiombail '▌' a léirítear téacs a scriosadh.

**IARSCRÍBHINN**
**(27.2.2024)**

## P9_TA(2024)0092

# Cinneadh Leasaitheach (AE) 2017/1324 a mhéid a bhaineann le leanúint de rannpháirtíocht an Aontais sa Chomhpháirtíocht um Thaighde agus um Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA) faoin gclár Fís Eorpach

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 27 Feabhra 2024 maidir le togra le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (AE) 2017/1324 a mhéid a bhaineann le leanúint de rannpháirtíocht an Aontais sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA) faoin gclár Fís Eorpach (COM(2023)0359 – C9-0213/2023 – 2023/0207(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0359),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2), d'Airteagal 185 agus d'Airteagal 188(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0213/2023),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 20 Meán Fómhair 2023[1],

– ag féachaint don chomhaontú sealadach a d'fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 74(4) dá Rialacha Nós Imeachta agus don gheallúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 20 Nollaig 2023 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (A9- 0378/2023),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

---

[1] IO C, C/2023/863, 8.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/863/oj.

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**P9_TC1-COD(2023)0207**

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 27 Feabhra 2024 d'fhonn go nglacfaí Cinneadh (AE) 2024/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (AE) 2017/1324 a mhéid a bhaineann le leanúint de rannpháirtíocht an Aontais sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA) faoin gclár Fís Eorpach**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 185 agus an dara mír d'Airteagal 188 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[2],

1 *IO C, C/2023/863, 8.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/863/oj.*
2 Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 27 Feabhra 2024.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Glacadh Cinneadh (AE) 2017/1324 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] ***maidir le rannpháirtíocht an Aontais sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA),*** faoi ***Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] (Fís 2020)*** ar feadh tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2028.

(2) I gcomhréir le ***Cinneadh (AE) 2017/1324***, seolfar na glaonna deiridh ar thograí faoi chlár oibre bliantúil PRIMA in 2024 agus cuirfear bailchríoch ar na gníomhaíochtaí indíreacha ***taighde agus nuálaíochta (T&N)*** uile faoi 2028.

(3) Tá sé dearbhaithe ag na Ballstáit atá rannpháirteach in PRIMA go bhfuil sé ar intinn acu leanúint dá dtionscnamh comhpháirteach tar éis 2024 agus d'iarr siad go leanfadh an tAontas de bheith rannpháirteach sa chreat institiúideach céanna d'Airteagal 185 ***den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh***.

---

**3** Cinneadh (AE) 2017/1324 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2017 maidir le rannpháirtíocht an Aontais sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA) arna déanamh go comhpháirteach ag roinnt Ballstát, (IO L 185, 18.7.2017, lch. 1).

***4*** ***Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear Fís 2020 - an Clár Réime um Thaighde agus Nuálaíocht (2014-2020), agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1982/2006/CE (IO L 347, 20.12.2013, lch. 104).***

*(4) Is uirlis rathúil é PRIMA chun T&N a chur chun cinn, go háirithe maidir le córais T&N na dtíortha rannpháirteacha atá ábhartha ar bhonn straitéiseach do leasanna an Aontais. I gcomhréir leis an teachtaireacht ón gCoimisiún an 18 Bealtaine 2021 dar teideal 'on the Global Approach to Research and Innovation - Europe's strategy for international cooperation in a changing world' [maidir leis an gCur Chuige Domhanda i leith Taighde agus Nuálaíochta - Straitéis na hEorpa don chomhar idirnáisiúnta i saol athraitheach] agus leis an teachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ón Ardionadaí an 1 Nollaig 2021 dar teideal 'The Global Gateway' [An Tairseach Dhomhanda], gheall an Coimisiún ról ceannasach an Aontais a neartú maidir le tacú le comhpháirtíochtaí iltaobhacha T&N chun réitigh nua ar dhúshláin ghlasa, dhigiteacha, sláinte, shóisialta agus nuálaíochta a sholáthar, agus shainaithin sé an géarghá atá le tionscadail a bhfuil dearadh inbhuanaithe ardcháilíochta acu a chuirtear chun feidhme ar bhealach lena n-áirithítear ardleibhéal trédhearcachta agus caighdeán.*

*(5) I dteachtaireacht uaidh an 7 Meitheamh 2016 dar teideal 'on establishing a new Partnership Framework with third countries under the European Agenda on Migration' [maidir le Creat Comhpháirtíochta nua a bhunú le tríú tíortha faoin gClár Oibre Eorpach maidir leis an Imirce], atá ábhartha i gcónaí sa chomhthéacs reatha mar gheall ar PRIMA, leag an Coimisiún béim ar an ngá atá le gach beartas, lena n-áirítear beartais T&N, aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na himirce trí shamhail nua comhair ina bhfuil infheisteoirí príobháideacha páirteach, lena n-áirítear díriú ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) agus ar bhonneagar inbhuanaithe. Go háirithe, tá ról na heolaíochta agus na teicneolaíochta ag éirí níos tábhachtaí sa tírdhreach geopholaitiúil agus is féidir leis tacú le hiarrachtaí taidhleoireachta ar go leor bealaí, lena n-áirítear maidir le luachanna Eorpacha a chur chun cinn agus a chosaint amhail an tsaoirse acadúil, eitic an taighde, an tsláine agus an comhionannas inscne. Feidhmíonn PRIMA mar shamhail réigiúnach don taidhleoireacht eolaíochta agus cothaíonn sé caidrimh le tíortha neamh-rannpháirteacha na Meánmhara.*

*(6) Tá raon feidhme téamach PRIMA, eadhon tacaíocht do chórais agraibhia, soláthar comhtháite uisce agus bainistiú uisce i limistéar na Meánmhara, ag éirí níos tráthúla. Léiríonn taighde go gcuireann ganntanas uisce go mór leis an méadú atá ag teacht ar an imirce dhomhanda. Bíonn tionchar tubaisteach ag an athrú aeráide agus ag tubaistí nádúrtha gaolmhara ar tháirgeadh talmhaíochta. Thairis sin, de réir rannchuidiú Mheitheal II leis an Séú Tuarascáil Mheasúnachta ó Phainéal Idir-Rialtasach na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, meastar go mbeidh éiceachórais na Meánmhara ar na héiceachórais is mó a bheidh thíos leis na hiarmhairtí a bhaineann le teacht chun cinn an athraithe aeráide. Rannchuidíonn PRIMA le tacú le limistéar na Meánmhara a bheith ar thús cadhnaíochta maidir le réitigh atá athléimneach ó thaobh na haeráide de. Tá bearta coisctheacha agus oiriúnaithe, amhail teicneolaíochtaí díshalannaithe agus fulaingt plandaí, ríthábhachtach chun déileáil leis an athrú aeráide.*

*(7) Ba cheart do PRIMA sineirgí agus comhlántachtaí a lorg agus a chur chun cinn go gníomhach le comhpháirtíochtaí réigiúnacha, Eorpacha agus idirnáisiúnta eile, agus le cláir chomhoibríocha T&N eile a bhfuil cuspóirí agus gníomhaíochtaí comhfhreagracha acu.*

*(8)* Sa Tuarascáil ón gCoimisiún an 31 Bealtaine 2023 chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir lena Meastóireacht Eatramhach ar PRIMA (Meastóireacht Eatramhach an Choimisiúin) fionnadh ***go bhfuair Stáit Rannpháirteacha na Meánmhara Theas 28 % d'iomlán na gcistí arna leithdháileadh ag PRIMA go dtí mí an Mhárta 2022. Tá sé ríthábhachtach go dtacódh PRIMA le raon gníomhaíochtaí*** T&N***, chun go gcothófaí pobail a mhaireann níos faide agus go méadófaí an comhar i measc Stáit Rannpháirteacha na Meánmhara Theas agus a ráta rannpháirtíochta.***

***(9) De bhun Airteagal 4(1), pointe (b), de Chinneadh (AE) 2017/1324, bunaíodh struchtúr chur chun feidhme PRIMA (PRIMA-IS) in 2017 mar eintiteas tiomnaithe, atá freagrach as bainistíocht dhíreach ranníocaíocht airgeadais an Aontais le PRIMA. Bunaíodh PRIMA-IS in Barcelona agus d'áirithigh sé feidhmiú rianúil, éifeachtúil agus trédhearcach PRIMA, le tacaíocht trína rúnaíocht agus trína chomhlachtaí rialaithe.***

(10) Ós rud é go bhfuil réasúnaíocht agus cuspóirí tosaigh PRIMA fós bailí, ***go háirithe i bhfianaise chogadh foghach na Rúise gan chúis gan údar i gcoinne na hÚcráine, lena ndearnadh margaí talmhaíochta leochaileacha sa Mheánmhuir Theas a dhíchobhsú tuilleadh, lena ndéantar tosaíocht níos práinní fós den aistriú chuig córais bia inbhuanaithe do shochaithe na Meánmhara,*** agus i bhfianaise gur thángthas ar an gconclúid i ***Meastóireacht Eatramhach an Choimisiúin*** gur ionstraim rathúil é PRIMA ag a bhfuil breisluach don Aontas, ba cheart don Aontas leanúint de thacaíocht airgeadais a sholáthar chun ligean do PRIMA gníomhaíochtaí ***T&N*** a chistiú faoin raon feidhme téamach céanna go dtí 2027, agus PRIMA a shioncrónú le creat airgeadais ilbhliantúil (CAI) an Aontais agus le timthrialla clársceidealaithe na gclár T&I atá ailínithe le CAI. Thairis sin, ba cheart síneadh a chur le fad tréimhse foriomlán PRIMA go dtí 2031 chun go bhféadfar na gníomhaíochtaí ***T&N*** sin a chur chun feidhme ina n-iomláine.

*(11) Ba cheart do PRIMA a uaillmhian agus a acmhainní a choinneáil, rud a fhágann gur ionstraim bhunriachtanach é don chomhar idirnáisiúnta agus don taidhleoireacht eolaíoch i limistéar na Meánmhara. Leis na hathbhreithnithe a dhéanfar amach anseo ar chlár oibre straitéiseach um thaighde agus nuálaíocht PRIMA, ba cheart leathnú féideartha raon feidhme na gcuspóirí a leagtar síos in Airteagal 2 de Chinneadh (AE) 2017/1324 a chumhdach, lena n-áirítear T&N a bhaineann le fuinneamh agus leis an aeráid, agus an tionchar a bheadh ag punanna nua ar acmhainní príomhúla eile, eadhon uisce, talamh agus talmhaíocht, a chur san áireamh. Le leathnú féideartha den sórt sin ar raon feidhme na gcuspóirí sin, chruthófaí deiseanna chun réimsí T&N a fhorbairt nach dtugann PRIMA aghaidh orthu faoi láthair agus a chuirfeadh feidhmchláir chun cinn i raon earnálacha. Go háirithe, d'fhéadfadh cur chuige nua maidir le nasc idir Uisce, Fuinneamh agus Bia cabhrú le cinnteoirí tuiscint a fháil ar chórais chasta fuinnimh agus d'fhéadfadh sé pleanáil acmhainní a chomhtháthú le saineolas teicniúil agus rialachas fónta.*

(12) Ba cheart tacaíocht airgeadais leanúnach an Aontais do PRIMA a theacht ó bhuiséad ginearálta an Aontais arna leithdháileadh ar an gClár Sonrach lena gcuirtear chun feidhme Fís Eorpach, a bunaíodh le Cinneadh (AE) 2021/764 ón gComhairle[5], agus ba cheart di a theacht ***go sonrach*** ó Cholún II 'Dúshláin Dhomhanda agus Iomaíochas Tionsclaíoch Eorpach', agus ón mbraisle théamach ábhartha (vi) 'Bia, an Bithgheilleagar, Acmhainní Nádúrtha, an Talmhaíocht agus an Comhshaol'.

***(13) Léirigh Meastóireacht Eatramhach an Choimisiúin go bhféadfadh rátaí ísle rathúlachta na n-iarratasóirí ar chistiú iarratasóirí ionchasacha a dhíspreagadh amach anseo. Is gá do PRIMA-IS agus do na Stáit atá rannpháirteach in PRIMA (na Stáit Rannpháirteacha) iarrachtaí breise a dhéanamh chun éifeachtúlacht a ngníomhaíochtaí a fheabhsú trí shimpliú a dhéanamh ar an gcastacht a bhaineann le scéimeanna cistiúcháin náisiúnta éagsúla, laghdú a dhéanamh ar an am chun deontas a thabhairt agus feabhas a chur ar inrochtaineacht ar chistiú le haghaidh T&N.***

5 Cinneadh (AE) 2021/764 ón gComhairle an 10 Bealtaine 2021 lena mbunaítear an Clár Sonrach lena gcuirtear chun feidhme Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, agus lena n- aisghairtear Cinneadh 2013/743/AE (IO L 167 I, 12.5.2021, lch. 1.).

(14) Cistítear PRIMA faoin gclár Fís 2020. Chun go leanfar de PRIMA ó 2025 ar aghaidh, ba cheart PRIMA a chistiú agus a oibriú faoi Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6]. (Fís Eorpach) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (AE) 2017/1324 a ailíniú le Rialachán (AE) 2021/695 mar aon le Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7].

---

6 Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha do rannpháirtíocht agus do scaipeadh, lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 1).

7 Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013 , (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

(15) Ba cheart Cinneadh (AE) 2017/1324 a ailíniú le cuspóirí agus tosaíochtaí ***T&N*** an chláir Fís Eorpach agus leis na prionsabail agus na coinníollacha ginearálta a leagtar síos in Airteagal 10 ***de*** Rialachán (AE) 2021/695, agus in ***Iarscríbhinní*** III agus ▌ VI ***a ghabhann leis***. Dá bhrí sin, is gá go mbeadh ar a laghad 40 % de na Ballstáit rannpháirteach in PRIMA leathnaithe. Thairis sin, ba cheart do PRIMA oibriú i gceann de na réimsí tosaíochta le haghaidh comhpháirtíochtaí Eorpacha institiúidithe, agus ba cheart do na Stáit Rannpháirteacha uile a ngealltanas fadtéarmach airgeadais a chur in iúl. Tá na coinníollacha sin comhlíonta cheana féin toisc gurb é 41 % ráta rannpháirtíochta na mBallstát atá ann faoi láthair, tá PRIMA oiriúnach don réimse tosaíochta Réimse Comhpháirtíochta 5: ‘Réitigh bhithbhunaithe atá inbhuanaithe, cuimsitheach agus ciorclach’ d’Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/695, agus dhearbhaigh na Stáit Rannpháirteacha a ngealltanais fhadtéarmacha airgeadais do chomhpháirtíocht PRIMA.

***(16) Is gá do PRIMA oibriú ar bhealach simplí, lúfar, oscailte agus trédhearcach. Is gá do PRIMA-IS iarrachtaí tiomnaithe a dhéanamh chun an t-idirphlé leis an tsochaí a neartú, chun rannpháirtíocht ghníomhach a spreagadh agus chun a áirithiú go mbeidh an pobal i gcoitinne ar an eolas go leordhóthanach faoina gníomhaíochtaí ar bhealach tráthúil. Chuige sin, is gá do PRIMA-IS a straitéis chumarsáide a neartú chun malartú faisnéise, dea-chleachtas agus torthaí taighde a éascú, le rannpháirtíocht líonraí acadúla, eolaíochta agus eolais, comhpháirtithe sóisialta agus eacnamaíocha, na meán, FBManna tionscail agus geallsealbhóirí eile.***

(17) Ba cheart do ranníocaíocht airgeadais an Aontais le PRIMA a bheith faoi réir gealltanas foirmiúil ó na Stáit Rannpháirteacha i leith ranníocaíocht airgeadais a dhéanamh ar leibhéal na ranníocaíochta ón Aontas ar a laghad. Ar an gcúis sin, ba cheart do ▌PRIMA-IS ▌ dlúthfhaireachán a dhéanamh go tráthrialta ar chomhlíonadh na ngealltanas foirmiúil airgeadais.

(18) Chun cuspóirí PRIMA a ghnóthú, ba cheart ranníocaíocht chomhiomlán na Stát Rannpháirteach a bheith cothrom le ranníocaíocht airgeadais an Aontais ar a laghad. Dá bhrí sin, ba cheart do na Stáit Rannpháirteacha ranníocaíocht an Aontais faoin gclár Fís Eorpach a mheaitseáil i gcomhréir leis an bprionsabal a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/695. Chun a áirithiú go ndéanfar an prionsabal sin a choimirciú go cuí, níor cheart ach ranníocaíochtaí ó Stáit Rannpháirteacha a dhéanfar tar éis an 31 Nollaig 2024 a chur san áireamh.

(19) Chun a ngealltanas leanúnach do chuspóirí PRIMA arna gcistiú faoin gclár Fís Eorpach agus a ngealltanas d’oibleagáidí nua de bhun ***Rialacháin*** (AE) 2021/695 agus ▌ (AE, Euratom) 2018/1046 a áirithiú, ba cheart don Ailgéir, don Éigipt, don Iordáin, don Liobáin agus do Mharacó glacadh go foirmiúil leis na téarmaí agus leis na coinníollacha nua a eascraíonn as an ***gCinneadh*** seo, trí chomhaontuithe a thabhairt i gcrích leis an Aontas, i bhfoirm malartú litreacha, lena leasaítear agus lena bhforlíontar na comhaontuithe idirnáisiúnta atá ann cheana maidir le comhar eolaíoch agus teicneolaíoch arna dtabhairt i gcrích leo. Níor cheart difear a dhéanamh leis sin dá rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí PRIMA arna gcistiú faoin gclár Fís 2020.

(20) Ba cheart ranníocaíocht airgeadais fhoriomlán an Aontais le PRIMA a shocrú mar uasmhéid. Ba cheart é a bheith indéanta, i gcomhréir le hAirteagal 16(5) de Rialachán (AE) 2021/695, ranníocaíocht airgeadais an Aontais le PRIMA ón gclár Fís Eorpach a mhéadú leis na ranníocaíochtaí sin ó thríú tíortha atá comhlachaithe le Fís Eorpach. Ba cheart é sin a bheith faoi réir an mhéid iomláin faoina méadófar ranníocaíocht airgeadais an Aontais agus meaitseáil a dhéanamh ar a laghad leis an ranníocaíocht ó na Stáit Rannpháirteacha.

(21) Agus cuspóirí PRIMA á gcur san áireamh, ba cheart d'eintitis atá bunaithe i dtríú tíortha nach Stáit Rannpháirteacha iad a bheith incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar chistiú in ábhair glaonna sonracha dá bhforáiltear i gclár oibre bliantúil PRIMA. Ba cheart gach beart is iomchuí, lena n-áirítear bearta conarthacha, a dhéanamh chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint. Chuige sin, ba cheart comhaontuithe eolaíochta agus teicneolaíochta a thabhairt i gcrích le tríú tíortha ina bhfuil eintitis den sórt sin bunaithe.

(22) Cé gur cheart leanúint d'iniúchtaí *ex post* a dhéanamh ar chaiteachas ar ghníomhaíocht indíreach arna cistiú faoin gclár Fís 2020 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013, ba cheart iniúchadh a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí indíreacha arna gcistiú faoin gclár Fís Eorpach i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/695.

(23) Leis an gclár Fís Eorpach, dírítear níos mó ar rochtain ag an gCoimisiún ar na torthaí agus ar fhaisnéis eile a bhaineann le gníomhaíochtaí chun beartais nó cláir an Aontais a fhorbairt agus a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu i gcás comhpháirtíochtaí Eorpacha institiúidithe. Dá bhrí sin, le PRIMA-IS, ba cheart a áirithiú go mbeidh rochtain ag an gCoimisiún ar an bhfaisnéis uile a bhaineann leis na gníomhaíochtaí indíreacha a chistíonn sé, lena n-áirítear ranníocaíochtaí agus torthaí na dtairbhithe atá rannpháirteach i ngníomhaíochtaí indíreacha. Chun seasamh lena leasanna, ba cheart rochtain a bheith ag na Stáit Rannpháirteacha freisin ar fhaisnéis a bhaineann le tograí lena n-áirítear iarratasóirí atá bunaithe ina gcríocha. Ba cheart na rialacha rúndachta is infheidhme a chomhlíonadh leis na cearta rochtana sin.

***(24) Ba cheart don Choimisiún, ar bhonn rialta, measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na ngealltanas a thug na Stáit Rannpháirteacha agus, tar éis measúnuithe den sórt sin, d'fhéadfadh Stáit Rannpháirteacha agus PRIMA-IS a bheith rannpháirteach de réir mar is gá agus ba cheart dó a bheith in ann bearta iomchuí a dhéanamh.***

(25) Chun síneadh a chur le PRIMA, is gá faireachán agus meastóireacht a dhéanamh i gcomhréir leis na forálacha a bhaineann le Fís Eorpach. Ba cheart don Choimisiún meastóireacht eatramhach a dhéanamh ar PRIMA faoin 31 Nollaig 2025 agus meastóireacht deiridh a dhéanamh faoin 31 Nollaig 2031. Ba cheart do mheastóireachtaí eatramhacha agus deiridh foriomlána ar an gclár Fís Eorpach leas a bhaint as na meastóireachtaí sin. Ba cheart measúnú a dhéanamh sna meastóireachtaí ar cháilíocht agus éifeachtúlacht PRIMA agus ar an dul chun cinn atá déanta i dtreo a chuspóirí a ghnóthú le ***linn a shaolré ar fad, lena n-áirítear a chur chun feidhme faoin gclár Fís 2020 agus faoin gclár Fís Eorpach araon***. Ba cheart don Choimisiún torthaí agus conclúidí na meastóireachtaí sin a fhoilsiú agus a scaipeadh. I gcomhréir le hAirteagal 10(2), pointe (c), de Rialachán (AE) 2021/695, ba cheart cur chuige soiléir saolré a bheith ag PRIMA, ba cheart é a bheith teoranta ó thaobh ama de agus ba cheart a áireamh ann na coinníollacha chun deireadh a chur de réir a chéile leis an gcistiú faoin gclár Fís Eorpach.

(26) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (AE) 2017/1324 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh (AE) 2017/1324 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

'Airteagal 1

Rannpháirtíocht in PRIMA

1. Glacfaidh an tAontas páirt sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara ('PRIMA'), comhpháirtíocht Eorpach institiúidithe dá dtagraítear in Airteagal 10(1), pointe (c), de Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* (Fís Eorpach), arna déanamh go comhpháirteach ag ***an mBulgáir,*** an Chróit, an Chipir, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, Iosrael, an Iodáil, Lucsamburg, Málta, an Phortaingéil, an tSlóivéin, an Spáinn, an Túinéis agus an Tuirc (Stáit Rannpháirteacha), i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa Chinneadh seo agus ar fhógra a thabhairt faoina rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí PRIMA trí litir ghealltanais a shíniú.

2. Leanfaidh an Ailgéir, an Éigipt, an Iordáin, an Liobáin agus Maracó de bheith ina Stáit Rannpháirteacha chun críocha ghníomhaíochtaí PRIMA arna gcistiú faoi Airteagal 3(1), pointe (a). Chun críoch a rannpháirtíochta i ngníomhaíochtaí PRIMA arna gcistiú faoi Airteagal 3(1), pointe (b), ní mheasfar iad a bheith ina Stáit Rannpháirteacha ach amháin ar thabhairt i gcrích comhaontaithe dóibh, i bhfoirm malartú litreacha, lena leasaítear agus lena bhforlíontar na comhaontuithe idirnáisiúnta atá ann cheana maidir le comhar eolaíoch agus teicneolaíoch leis an Aontas agus ina leagtar amach na téarmaí agus na coinníollacha nua maidir lena rannpháirtíocht in PRIMA.

3. Aon Bhallstát agus aon tríú tír atá comhlachaithe le Fís 2020 nó le Fís Eorpach, seachas iad siúd a liostaítear i mír 1 den Airteagal seo, féadfaidh siad páirt a ghlacadh in PRIMA ar choinníoll go gcomhlíonfaidh siad an coinníoll a leagtar síos in Airteagal 4(1), pointe (c) agus go gcomhlíonfaidh siad, go háirithe, Airteagal 11(5). Síneoidh siad litir ghealltanais ina ndeimhnítear na téarmaí agus na coinníollacha maidir lena rannpháirtíocht in PRIMA i dtaca le Fís 2020 nó i dtaca le Fís Eorpach de réir mar is infheidhme.

Na Ballstáit agus tríú tíortha atá comhlachaithe le Fís 2020 nó le Fís Eorpach a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach sa chéad fhomhír, measfar gur Stáit Rannpháirteacha iad chun críocha an Chinnidh seo.

4. Aon tríú tír nach bhfuil comhlachaithe le Fís 2020 ná le Fís Eorpach, seachas iad siúd a liostaítear i mír 2 den Airteagal seo, féadfaidh sí páirt a ghlacadh in PRIMA ar choinníoll:

(a) go gcomhlíonann sí an coinníoll a leagtar síos in Airteagal 4(1), pointe (c) agus go gcomhlíonann sí, go háirithe, Airteagal 11(5);

(b) go bhformheasann an struchtúr cur chun feidhme le haghaidh PRIMA (PRIMA-IS) a rannpháirtíocht in PRIMA tar éis dó scrúdú a dhéanamh ar ábharthacht a rannpháirtíochta maidir le cuspóirí PRIMA a ghnóthú; agus

(c) go dtugann sí i gcrích comhaontú idirnáisiúnta maidir le comhar eolaíoch agus teicneolaíoch leis an Aontas ina leagtar amach na téarmaí agus na coinníollacha maidir lena rannpháirtíocht in PRIMA.

Tríú tíortha a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach sa chéad fhomhír, measfar gur Stáit Rannpháirteacha iad chun críocha an Chinnidh seo.

______________

* Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 1).';

(2) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Rannchuideoidh PRIMA le cuspóirí ginearálta agus sonracha Rialachán (AE) 2021/695, agus go háirithe Airteagal 3 de, agus déanfaidh sé na cuspóirí ginearálta a ghnóthú, mar atá acmhainneachtaí taighde agus nuálaíochta a thógáil agus eolas agus réitigh nuálacha chomhchoiteanna a fhorbairt le haghaidh córais agraibhia, agus ar an gcaoi sin iad a dhéanamh inbhuanaithe, agus le haghaidh soláthar agus bainistiú comhtháite uisce i limistéar na Meánmhara chun iad, a mbainistíocht agus a soláthar a dhéanamh níos aeráid-díonaí, níos éifeachtúla, níos costéifeachtaí agus níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil agus na sochaí de, agus chun feabhas a chur ar a rannchuidiú le fadhbanna a bhaineann le ganntanas uisce, slándáil bia, cothú, sláinte, dea-bhail agus imirce a réiteach go réamhtheachtach.’;

(3) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

‘1. Beidh ranníocaíocht airgeadais an Aontais le PRIMA, lena n-áirítear leithreasuithe LEE, cothrom le ranníocaíochtaí na Stát Rannpháirteach. Suas le EUR 325 000 000 a bheidh i ranníocaíocht airgeadais an Aontais agus dáilfear í mar a leanas:

(a) suas le EUR 220 000 000 ón gclár Fís 2020;

(b) suas le EUR 105 000 000 ón gclár Fís Eorpach.

Féadfar méid na ranníocaíochta airgeadais ón Aontas ón gclár Fís Eorpach a mhéadú le ranníocaíochtaí ó thríú tíortha atá comhlachaithe le Fís Eorpach i gcomhréir le hAirteagal 16(5) de Rialachán (AE) 2021/695, ar choinníoll go ndéanfar an méadú iomlán ar ranníocaíocht airgeadais an Aontais a mheaitseáil ar a laghad leis an ranníocaíocht ó na Stáit Rannpháirteacha dá dtagraítear in Airteagal 1(1) den Chinneadh seo.

2. I dtaca le ranníocaíocht airgeadais an Aontais dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), den Airteagal seo, íocfar í ó na leithreasuithe i mbuiséad ginearálta an Aontais a leithdháiltear ar na codanna ábhartha den chlár sonrach lena gcuirtear chun feidhme Fís 2020, a bhunaítear le Cinneadh 2013/743/AE ón gComhairle, agus go háirithe ó Chuid II 'Ceannaireacht thionsclaíoch' agus ó Chuid III 'Dúshláin shochaíocha', i gcomhréir le hAirteagal 57 de Rialachán (AE) 2021/695 agus le hAirteagal 62(1), pointe (c)(vii), de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*.

2a. I dtaca le ranníocaíocht airgeadais an Aontais dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), den Airteagal seo, íocfar í ó na leithreasuithe i mbuiséad ginearálta an Aontais a leithdháiltear ar na codanna ábhartha den chlár sonrach lena gcuirtear chun feidhme Fís Eorpach, a bhunaítear le Cinneadh (AE) 2021/764/AE ón gComhairle**, ***go sonrach*** ó Cholún II 'Dúshláin Dhomhanda agus Iomaíochas Tionsclaíoch Eorpach', braisle (vi) 'Bia, an Bithgheilleagar, Acmhainní Nádúrtha, an Talmhaíocht agus an Comhshaol', i gcomhréir le hAirteagal 62(1), pointe (c)(vii), de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046.

_____________

* Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) U imh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

** Cinneadh (AE) 2021/764 ón gComhairle an 10 Bealtaine 2021 lena mbunaítear an Clár Sonrach lena gcuirtear chun feidhme Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2013/743/AE (IO L 167 I, 12.5.2021, lch. 1).';

(4) leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (b), (c) agus (d):

'(b) ainmniú ag na Stáit Rannpháirteacha, nó ag eagraíochtaí arna n-ainmniú ag na Stáit Rannpháirteacha, ar eintitis ag a bhfuil pearsantacht dhlítheanach, dá dtagraítear in Airteagal 62(1), pointe (c)(vii), de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, mar PRIMA-IS, a bheidh freagrach as PRIMA a chur chun feidhme go héifeachtúil, as ranníocaíocht airgeadais an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 3(1) den Chinneadh seo, mar aon le ranníocaíochtaí na Stát Rannpháirteach, i gcás inarb iomchuí, a fháil, a leithdháileadh agus faireachán a dhéanamh orthu, agus as a áirithiú go ndéanfar na gníomhaíochtaí uile is gá chun cuspóirí PRIMA a ghnóthú;

(c) gealltanas ag ***na Stáit*** Rannpháirteacha go rannchuideoidh siad le maoiniú PRIMA le ranníocaíocht ó acmhainní náisiúnta atá ábhartha do chuspóirí PRIMA atá cothrom, ar a laghad, le ranníocaíocht airgeadais an Aontais;

(d) léiriú ag PRIMA-IS ar a inniúlacht PRIMA a chur chun feidhme, lena n-áirítear ranníocaíocht airgeadais an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 3(1) den Chinneadh seo a fháil agus a leithdháileadh, agus faireachán a dhéanamh uirthi, faoi chuimsiú bhainistíocht indíreach bhuiséad an Aontais i gcomhréir le hAirteagail 62 agus 154 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046;';

(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) comhlíonadh na gceanglas tuairiscithe a leagtar amach in Airteagal 155 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ag PRIMA-IS;’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Déanfaidh an Coimisiún measúnú, ar bhonn leanúnach, ar chomhlíonadh na ngealltanas a thug na Stáit Rannpháirteacha agus***, tar éis an mheasúnaithe sin, féadfaidh Stáit Rannpháirteacha agus PRIMA-IS a bheith rannpháirteach ann de réir mar is gá agus*** déanfaidh sé bearta iomchuí ▌ lena n-áirítear iad siúd ***dá bhforáiltear*** in Airteagal 9.’;

(5) leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Déanfaidh na Stáit Rannpháirteacha ranníocaíochtaí, nó socróidh siad go ndéanfaidh a gcomhlachtaí náisiúnta cistiúcháin ranníocaíochtaí, cibé acu ranníocaíochtaí airgeadais nó ranníocaíochtaí comhchineáil, EUR 325 000 000 ar a laghad, ón 7 Lúnasa 2017 go dtí an 31 Nollaig 2031.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

‘6. Déanfar ranníocaíochtaí na Stát Rannpháirteach dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo tar éis ghlacadh an chláir oibre bhliantúil. I gcás ina nglactar an clár oibre bliantúil le linn na bliana tagartha dá dtagraítear in Airteagal 6(2), féadfar ranníocaíochtaí a dhéantar ón 1 Eanáir den bhliain sin a áireamh leis na ranníocaíochtaí dá dtagraítear i mír 2, pointe (c), den Airteagal seo a áirítear mar ranníocaíochtaí ó Stáit Rannpháirteacha a áirítear sa chlár oibre bliantúil. Mar sin féin, féadfar ranníocaíochtaí a dhéantar tar éis an 7 Lúnasa 2017 a áireamh sna ranníocaíochtaí dá dtagraítear i mír 2, pointe (c), den Airteagal seo a áirítear mar ranníocaíochtaí ó Stáit Rannpháirteacha a áirítear sa chéad chlár oibre bliantúil.’;

(6) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6:

‘Airteagal 6

Gníomhaíochtaí agus cur chun feidhme PRIMA

1. Tacóidh PRIMA le raon leathan gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta, mar a thuairiscítear ina chlár oibre bliantúil, trí bhíthin an mhéid seo a leanas:

   (a) gníomhaíochtaí indíreacha de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 1290/2013 agus Rialachán (AE) 2021/695 arna gcistiú ag PRIMA-IS i gcomhréir le hAirteagal 7 den Chinneadh seo, go príomha i bhfoirm deontas tar éis glaonna ar thograí trasnáisiúnta atá oscailte trédhearcach agus iomaíoch arna n-eagrú ag PRIMA-IS, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

      (i) gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta, chomh maith le gníomhaíochtaí nuálaíochta;

      (ii) gníomhaíochtaí comhordúcháin agus tacaíochta lena ndírítear ar leathadh agus ar fhor-rochtain chun PRIMA a chur chun cinn agus a thionchar a uasmhéadú;

(b) gníomhaíochtaí arna gcistiú ag na Stáit Rannpháirteacha gan ranníocaíocht airgeadais an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 3(1), ar gníomhaíochtaí iad a rannchuidíonn le cuspóirí PRIMA nó atá nasctha go díreach le glacadh na dtorthaí ó thionscadail faoi PRIMA agus arb é atá iontu:

(i) gníomhaíochtaí a roghnaítear tar éis glaonna ar thograí trasnáisiúnta atá oscailte trédhearcach agus iomaíoch arna n-eagrú ag PRIMA-IS, arna mbainistiú ag na comhlachtaí náisiúnta cistiúcháin faoi chláir náisiúnta na Stát Rannpháirteach, lena soláthraítear tacaíocht airgeadais go príomha i bhfoirm deontas;

(ii) gníomhaíochtaí faoi chláir náisiúnta na Stát Rannpháirteach lena n-áirítear tionscadail thrasnáisiúnta.

2. Cuirfear PRIMA chun feidhme ar bhonn cláir oibre bhliantúla lena gcumhdaítear gníomhaíochtaí atá le déanamh ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig de bhliain ar leith (bliain tagartha). Glacfaidh PRIMA-IS na cláir oibre bhliantúla faoin 31 Márta den bhliain tagartha, tar éis formheas a fháil ón gCoimisiún. Agus na cláir oibre bhliantúla á nglacadh, gníomhóidh PRIMA-IS agus an Coimisiún araon gan moill mhíchuí. Cuirfidh PRIMA-IS an clár oibre bliantúil ar fáil go poiblí.

3. Ní fhéadfar gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1, pointí (a) agus (b)a sheoladh ach amháin sa bhliain tagartha agus ach amháin i ndiaidh ghlacadh an chláir oibre bhliantúil le haghaidh na bliana sin.

4. Má ghlactar an clár oibre bliantúil le linn na bliana tagartha, féadfar ranníocaíocht airgeadais an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 3(1) a úsáid chun costais riaracháin PRIMA-IS arna dtabhú ón 1 Eanáir den bhliain tagartha sin a aisíoc i gcomhréir leis an gclár oibre bliantúil lena mbaineann. Mar sin féin, le ranníocaíocht airgeadais an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 3(1), féadfar costais riaracháin PRIMA-IS arna dtabhú ón 7 Lúnasa 2017 a aisíoc i gcomhréir leis an gcéad chlár oibre bliantúil.

5. Ní fhéadfar gníomhaíochtaí a chistiú faoi PRIMA ach amháin má leagtar amach iad sa chlár oibre bliantúil. Déanfar idirdhealú sa chlár oibre bliantúil idir na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), den Airteagal seo na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), den Airteagal seo agus costais riaracháin PRIMA-IS. Déanfar foráil ann maidir lena meastacháin chomhfhreagracha ar chaiteachas agus maidir leis an leithdháileadh buiséid ar ghníomhaíochtaí arna gcistiú le ranníocaíocht airgeadais an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 3(1) agus ar ghníomhaíochtaí arna gcistiú ag na Stáit Rannpháirteacha gan ranníocaíocht airgeadais an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 3(1). Áireofar sa chlár oibre bliantúil freisin luach measta ranníocaíochtaí comhchineáil na Stát Rannpháirteach dá dtagraítear in Airteagal 5(2), pointe (b).

6. Cuirfear san áireamh i gcláir oibre bhliantúla le haghaidh bliain tagartha agus cláir oibre bhliantúla le haghaidh blianta tagartha ina dhiaidh sin torthaí na nglaonna ar thograí roimhe sin. Féachfaidh siad le haghaidh a thabhairt ar chumhdach neamhleor ábhar eolaíoch, go háirithe ábhair ar tugadh aghaidh orthu ar dtús i ngníomhaíochtaí faoi mhír 1, pointe (b) nach bhféadfaí a chistiú go leordhóthanach.

7. Déanfar na gníomhaíochtaí deiridh atá le cistiú, lena n-áirítear na glaonna deiridh ar thograí faoi na cláir oibre bhliantúla ábhartha a sheoladh faoin 31 Nollaig 2027. I gcásanna a bhfuil údar cuí leo, féadfar iad a sheoladh faoin 31 Nollaig 2028.

8. Ní fhéadfar gníomhaíochtaí atá le cistiú ag na Stáit Rannpháirteacha gan ranníocaíocht airgeadais an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 3(1), a áireamh sa chlár oibre bliantúil ach amháin tar éis toradh dearfach ar a meastóireacht neamhspleách sheachtrach trí athbhreithniú piaraí idirnáisiúnta maidir le cuspóirí PRIMA, arna eagrú ag PRIMA-IS.

9. Déanfar gníomhaíochtaí a áirítear sa chlár oibre bliantúil arna gcistiú ag na Stáit Rannpháirteacha i gcomhréir le mír 1, pointe (b), den Airteagal seo a chur chun feidhme i gcomhlíonadh na bprionsabal coiteann atá le glacadh ag PRIMA-IS, tar éis formheas a fháil ón gCoimisiún. Cuirfear san áireamh sna prionsabail choiteanna na prionsabail a leagtar amach sa Chinneadh seo, i dTeideal VIII de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 agus i gCaibidil II de Rialachán (AE) 2021/695. Glacfaidh PRIMA-IS freisin, tar éis formheas a fháil ón gCoimisiún, ceanglais tuairiscithe na Stát Rannpháirteach i leith PRIMA-IS, lena n-áirítear maidir le táscairí a chuirtear isteach i ngach ceann de na gníomhaíochtaí sin.

10. Comhlíonfaidh na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1, pointe (b)(i), sa bhreis ar na prionsabail choiteanna dá dtagraítear i mír 9, na coinníollacha seo a leanas:

(a) is le haghaidh tionscadail thrasnáisiúnta a bheidh na tograí, le rannpháirtíocht íosta de thrí eintiteas dhlítheanacha neamhspleácha ar a laghad, atá bunaithe i dtrí thír éagsúla a mheastar a bheith ina Stáit Rannpháirteacha i gcomhréir leis an gCinneadh seo faoin sprioc-am chun tograí a thíolacadh faoin nglao ábhartha ar thograí, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

(i) eintiteas amháin ar a laghad atá bunaithe i mBallstát nó i dtríú tír atá comhlachaithe le Fís 2020 nó le Fís Eorpach, de réir mar is infheidhme, agus nach dtagann faoi phointe (ii); agus

(ii) eintiteas amháin ar a laghad atá bunaithe i dtríú tír a liostaítear in Airteagal 1(2), nó i dtríú tír a bhfuil teorainn aici leis an Meánmhuir;

(b) roghnófar na tograí tar éis glaonna trasnáisiúnta ar thograí agus déanfaidh triúr saineolaithe neamhspleácha ar a laghad meastóireacht orthu, ar bhonn na gcritéar dámhachtana seo a leanas: barr feabhais, tionchar, agus cáilíocht agus éifeachtúlacht an chur chun feidhme;

(c) déanfar na tograí a rangú de réir thorthaí na meastóireachta dá dtagraítear i bpointe (b), déanfaidh PRIMA-IS an roghnú agus déanfar an rangú sin a leanúint, agus tiocfaidh na Stáit Rannpháirteacha ar chomhaontú maidir le modh cistiúcháin leordhóthanach lena bhféadfar an líon tograí atá os cionn na tairsí a chistiú ar bhonn an rangaithe sin, go háirithe, trí mhéideanna cúltaca a sholáthar do na ranníocaíochtaí náisiúnta i gcás glaonna ar thograí.

Maidir leis an rangú dá dtagraítear i bpointe (c), i gcás nach féidir tionscadal amháin nó níos mó ná sin a chistiú, féadfar na tionscadail a thagann go díreach ina ndiaidh sa rangú a roghnú.

11. Déanfaidh PRIMA-IS faireachán ar chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí uile a áirítear sa chlár oibre bliantúil agus tuairisceoidh sé go bliantúil don Choimisiún faoin méid sin.

12. Aon chumarsáid nó aon fhoilseachán a bhaineann le gníomhaíochtaí PRIMA, agus a dhéantar i gcomhar le PRIMA, cibé acu PRIMA-IS, Stát Rannpháirteach, comhlachtaí cistiúcháin náisiúnta Stáit Rannpháirtigh, nó rannpháirtithe i ngníomhaíocht a dhéanann iad, déanfar iad a lipéadú nó a chomhlipéadú mar seo a leanas: 'is cuid de ▌PRIMA ▌é [ainm na gníomhaíochta] atá comhchistithe ag an Aontas Eorpach.';

(7) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7:

‘Airteagal 7

Rialacha maidir le rannpháirtíocht agus leathadh

1. Measfar PRIMA-IS a bheith ina chomhlacht cistiúcháin mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (11), de Rialachán (AE) Uimh. 1290/2013 agus in Airteagal 2, pointe (14), de Rialachán (AE) 2021/695, de réir mar is infheidhme, agus soláthróidh sé tacaíocht airgeadais do ghníomhaíochtaí indíreacha dá dtagraítear in Airteagal 6(1), pointe (a), den Chinneadh seo i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach sna Rialacháin ábhartha agus faoi réir na maoluithe a leagtar amach san Airteagal seo.

2. I gcomhréir le hAirteagal 17(2) de Rialachán (AE) 2021/695 agus de mhaolú ar Airteagal 9(1), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 1290/2013, agus ar Airteagal 22(2) de Rialachán (AE) 2021/695, is é a bheidh sa líon íosta rannpháirtithe ná trí eintiteas dhlítheanacha atá bunaithe i dtrí thír éagsúla a mheastar a bheith ina Stáit Rannpháirteacha faoin sprioc-am chun tograí a thíolacadh faoin nglao ábhartha ar thograí, a bhfuil ceann amháin díobh ar a laghad bunaithe:

(a) i mBallstát nó i dtríú tír atá comhlachaithe le Fís 2020 nó le Fís Eorpach, de réir mar is infheidhme, nach dtagann faoi phointe (b) den Airteagal seo;

(b) i dtríú tír a liostaítear in Airteagal 1(2), nó i dtríú tír a bhfuil teorainn aici leis an Meánmhuir.

3. De mhaolú ar Airteagal 9(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1290/2013 agus ar Airteagal 22(2) de Rialachán (AE) 2021/695, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo dá bhforáiltear sa chlár oibre bliantúil, is é a bheidh sa choinníoll íosta ná rannpháirtíocht eintitis dhlítheanaigh amháin atá bunaithe i Stát Rannpháirteach faoin sprioc-am chun tograí a thíolacadh faoin nglao ábhartha ar thograí.

4. De mhaolú ar Airteagal 10(1) agus (2) de Rialachán (AE) Uimh. 1290/2013 agus ar Airteagal 23(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2021/695, beidh na rannpháirtithe seo a leanas incháilithe le haghaidh cistiú ó PRIMA-IS:

(a) aon eintiteas dlítheanach atá bunaithe i Stát Rannpháirteach nó a bhunaítear de bhun dhlí an Aontais;

(b) aon eagraíocht idirnáisiúnta um leas Eorpach, mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (12), de Rialachán (AE) Uimh. 1290/2013 i gcás gníomhaíochtaí PRIMA arna gcistiú faoi Airteagal 3(1), pointe (a), den Chinneadh seo nó aon eagraíocht taighde Eorpach idirnáisiúnta, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (15), de Rialachán (AE) 2021/695 i gcás gníomhaíochtaí PRIMA arna gcistiú faoi Airteagal 3(1), pointe (b), den Chinneadh seo.

5. I gcás eagraíocht idirnáisiúnta rannpháirteach nó eintiteas dhlítheanach rannpháirteach atá bunaithe i dtír nach Stát Rannpháirteach í, nach bhfuil ceachtar acu incháilithe do chistiú i gcomhréir le mír 4, féadfar cistiú ó PRIMA-IS a dheonú ar choinníoll go gcomhlíontar ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha seo a leanas:

(a) measann PRIMA-IS go bhfuil rannpháirtíocht na heagraíochta idirnáisiúnta nó an eintitis dhlítheanaigh lena mbaineann fíor-riachtanach chun an ghníomhaíocht a chur chun feidhme;

(b) foráiltear do rannpháirtíocht na n-eintiteas sin sa chlár oibre bliantúil agus déantar foráil maidir le féidearthacht an chistithe sin faoi chomhaontú déthaobhach eolaíoch agus teicneolaíoch nó faoi aon socrú eile lena n-áirithítear cosaint leasanna airgeadais an Aontais, a thugtar i gcrích idir an tAontas agus an eagraíocht idirnáisiúnta nó, maidir le heintiteas atá bunaithe i dtír nach Stát Rannpháirteach í, an tír ina bhfuil an t-eintiteas dlítheanach sin bunaithe.

6. Gan dochar do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, féadfar a leagan síos sa tsamhail-chomhaontú deontais is infheidhme go ndéanfaidh eintitis dhlítheanacha atá bunaithe i dtíortha nach Stáit Rannpháirteacha iad agus a fhaigheann cistiú ó PRIMA-IS ráthaíochtaí airgeadais iomchuí a sholáthar freisin.

7. Tabharfaidh an tAontas comhaontuithe i gcrích le tríú tíortha lena ndéantar foráil maidir le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint.';

(8) leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Faoi réir measúnú *ex ante* dearfach ar PRIMA-IS i gcomhréir le hAirteagal 154(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 agus faoi réir ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 62(1), pointe (c)(vi), den Rialachán sin, déanfaidh an Coimisiún, thar ceann an Aontais, comhaontú Comhpháirtíochta maidir le Creat Airgeadais agus comhaontuithe ranníocaíochta le PRIMA-IS a thabhairt i gcrích.';

(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

‘2. Déanfar an comhaontú Comhpháirtíochta maidir le Creat Airgeadais dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a thabhairt i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 130 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046. Leagfar amach ann freisin, inter alia, an méid seo a leanas:’;

(9) in Airteagal 9, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘3. Ní dhéanfaidh cinneadh an Choimisiúin maidir le ranníocaíocht an Aontais a fhoirceannadh, a laghdú go comhréireach nó a chur ar fionraí, bac a chur ar aisíocaíocht na gcostas incháilithe arna dtabhú cheana féin ag na Stáit Rannpháirteacha sula dtugtar fógra faoin gcinneadh do PRIMA IS.’;

(10) in Airteagal 10, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Déanfaidh PRIMA-IS iniúchtaí *ex post* ar chaiteachas ar ghníomhaíocht indíreach faoi Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 i gcomhréir le hAirteagal 29 den Rialachán sin.

1a. Déanfaidh PRIMA IS iniúchtaí ar chaiteachas ar ghníomhaíochtaí indíreacha faoi Rialachán (AE) 2021/695 i gcomhréir le hAirteagal 53 de Rialachán (AE) 2021/695 mar chuid de ghníomhaíochtaí indíreacha an chláir Fís Eorpach, go háirithe i gcomhréir leis an straitéis iniúchóireachta dá dtagraítear in Airteagal 53(2) den Rialachán sin.’;

(11) leasaítear Airteagal 11 mar a leanas:

(a) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'3a. Tugtar de chumhacht d'Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE), i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle*, cionta coiriúla a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 4 den Rialachán sin a imscrúdú agus a ionchúiseamh.

______________

* Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe ar bhunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE') (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 4 agus 5:

‘4. Gan dochar do mhíreanna 1 go 3a, beidh i gconarthaí, i gcomhaontuithe deontais agus i gcinntí deontais, a thagann as an gCinneadh seo a chur chun feidhme forálacha lena dtugtar an chumhacht go sainráite don Choimisiún, do PRIMA-IS, don Chúirt Iniúchóirí, do OIPE agus do OLAF iniúchtaí agus imscrúduithe den sórt sin a dhéanamh i gcomhréir lena gcuid inniúlachtaí faoi seach. I gcás ina ndéantar cur chun feidhme gníomhaíochta a sheachfhoinsiú nó a fho-tharmligean, ina iomláine nó i bpáirt, nó i gcás ina n-éilítear conradh soláthair nó tacaíocht airgeadais a dhámhachtain do thríú páirtí ina leith, beidh sa chonradh, sa chomhaontú deontais nó sa chinneadh deontais an oibleagáid atá ar an gconraitheoir nó ar an tairbhí a fhorchur ar aon tríú páirtí lena mbaineann glacadh go sainráite le cumhachtaí sin an Choimisiúin, PRIMA-IS, na Cúirte Iniúchóirí, OIPE agus OLAF.

4a. Tabharfaidh PRIMA-IS rochtain do chúirt iniúchóirí náisiúnta na Stát Rannpháirteach uile, arna iarraidh sin dóibh, ar an bhfaisnéis uile a bhaineann le ranníocaíochtaí náisiúnta an Stáit Rannpháirtigh ábhartha, lena n-áirítear faisnéis i bhformáid leictreonach, ar faisnéis í is gá chun a n-iniúchtaí a dhéanamh.

5. Agus PRIMA á chur chun feidhme, déanfaidh na Stáit Rannpháirteacha na bearta reachtacha, rialála, riaracháin agus eile is gá chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, go háirithe chun aisghabháil iomlán aon mhéid atá dlite don Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 a áirithiú.';

(12) cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

‘Airteagal 11a

Rochtain ar thorthaí agus ar fhaisnéis maidir le tograí

1. Tabharfaidh ***PRIMA-IS*** rochtain don Choimisiún ***agus, i gcás inarb infheidhme, d’údaráis na Stát Rannpháirteach ar*** an bhfaisnéis uile a bhaineann leis na gníomhaíochtaí indíreacha a chistíonn sé. Áireofar i bhfaisnéis den sórt sin ranníocaíochtaí agus torthaí na dtairbhithe atá rannpháirteach i ngníomhaíochtaí indíreacha nó aon fhaisnéis eile a mheastar a bheith riachtanach chun beartais nó cláir an Aontais, nó i gcás inarb infheidhme, na Stát Rannpháirteach a fhorbairt agus a chur chun feidhme agus chun faireachán agus measúnú a dhéanamh orthu. ***Beidh na cearta rochtana sin teoranta d’úsáid neamhthráchtála agus neamhiomaíoch agus comhlíonfar leo na rialacha rúndachta is infheidhme.***

2. Chun beartais nó cláir an Aontais a fhorbairt agus a chur chun feidhme agus chun faireachán agus measúnú a dhéanamh orthu, soláthróidh PRIMA-IS don Choimisiún an fhaisnéis a áirítear i dtograí a thíolactar. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag an gceanglas sin i leith Stáit Rannpháirteacha maidir le tograí lena n-áirítear iarratasóirí atá bunaithe ina gcríocha faoi seach.';

(13) in Airteagal 12, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2 go 5:

'2. Beidh PRIMA-IS faoi rialú Boird Iontaobhaithe. Beidh ionadaíocht ag gach Stát Rannpháirteach ar an mBord Iontaobhaithe. Is é an Bord Iontaobhaithe a bheidh mar chomhlacht cinnteoireachta PRIMA-IS.

Tar éis formheas a fháil ón gCoimisiún, glacfaidh an Bord Iontaobhaithe an méid seo a leanas:

(a) clár oibre bliantúil PRIMA;

(b) na prionsabail choiteanna dá dtagraítear in Airteagal 6(9);

(c) na ceanglais atá ar Stáit Rannpháirteacha tuairisciú do PRIMA-IS.

Fíoróidh an Bord Iontaobhaithe go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 1(3) agus in Airteagal 4(1), pointe (c), agus cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas dá réir sin.

Formheasfaidh an Bord Iontaobhaithe rannpháirtíocht aon tríú tír nach bhfuil comhlachaithe le Fís 2020 ná le Fís Eorpach in PRIMA, seachas iad siúd a liostaítear in Airteagal 1(2), tar éis dó scrúdú a dhéanamh ar ábharthacht rannpháirtíocht an tríú tír sin i leith chuspóirí PRIMA a ghnóthú.

Beidh vóta amháin ag gach Stát Rannpháirteach sa Bhord Iontaobhaithe. Is de chomhthoil a dhéanfar cinntí. I gcás nach dtagtar ar chomhthoil, glacfaidh an Bord Iontaobhaithe a chinntí trí thromlach 75 % ar a laghad de na vótaí bailí a chaitear.

Iarrfar ar an Aontas, a ndéanfaidh an Coimisiún ionadaíocht thar a cheann, freastal ar chruinnithe uile an Bhoird Iontaobhaithe i gcáil breathnóra, agus féadfaidh sé páirt a ghlacadh sa phlé. Chuige sin, gheobhaidh sé na doiciméid uile is gá.

3. Is é an Bord Iontaobhaithe a chinnfidh líon chomhaltaí an Choiste Stiúrtha, líon nach mbeidh níos lú ná cúigear. Ceapfaidh an Bord Iontaobhaithe comhaltaí an Choiste Stiúrtha. Déanfaidh an Coiste Stiúrtha faireachán ar obair an stiúrthóra agus tabharfaidh sé comhairle don Bhord Iontaobhaithe maidir le cur chun feidhme PRIMA ag an Rúnaíocht. Go háirithe, soláthróidh sé treoraíocht maidir le cur chun feidhme an bhuiséid bhliantúil agus maidir leis an gclár oibre bliantúil.

4. Bunóidh an Bord Iontaobhaithe Rúnaíocht PRIMA-IS mar chomhlacht feidhmiúcháin PRIMA.

Déanfaidh an Rúnaíocht an méid seo a leanas:

(a) an clár oibre bliantúil a chur chun feidhme;

(b) tacaíocht a sholáthar do chomhlachtaí eile PRIMA-IS;

(c) faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar chur chun feidhme PRIMA;

(d) ranníocaíocht airgeadais an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 3(1) agus ranníocaíochtaí airgeadais na Stát Rannpháirteach a bhainistiú agus tuairisc a thabhairt ar a n-úsáid;

(e) ***infheictheacht PRIMA*** a mhéadú trí bhíthin abhcóideachta agus cumarsáide;

(f) idirchaidreamh a dhéanamh leis an gCoimisiún i gcomhréir leis an gcomhaontú comhpháirtíochta maidir le creat airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 8;

(g) trédhearcacht ghníomhaíochtaí PRIMA a áirithiú.

5. Ceapfaidh an Bord Iontaobhaithe Coiste Comhairleach Eolaíoch ar a mbeidh saineolaithe neamhspleácha a bhfuil clú agus cáil orthu, atá inniúil i réimsí atá ábhartha do PRIMA. Bunóidh an Bord Iontaobhaithe líon chomhaltaí an Choiste Chomhairligh Eolaíoch, agus na socruithe maidir lena gceapachán i gcomhréir le hAirteagal 49 de Rialachán (AE) 2021/695.

***Déanfaidh an Coiste Comhairleach Eolaíoch an méid seo a leanas:***

***(a) comhairle a chur ar an mBord Iontaobhaithe maidir le tosaíochtaí agus riachtanais straitéiseacha;***

***(b) comhairle a chur ar an mBord Iontaobhaithe maidir le hinneachar agus raon feidhme an dréachtchláir oibre bhliantúil ó thaobh na heolaíochta agus na teicneolaíochta de;***

***(c) athbhreithniú ar na gnéithe eolaíocha agus teicniúla de chur chun feidhme PRIMA agus tuairim a thabhairt maidir lena thuarascáil bhliantúil.';***

(14) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 14:

'Airteagal 14

Faireachán agus Meastóireacht

1. Déanfar faireachán leanúnach ar ghníomhaíochtaí PRIMA***, lena n-áirítear a n-éifeachtúlacht agus a dtrédhearcacht, chomh maith lena rátaí ratha,*** agus beidh siad faoi réir athbhreithnithe tréimhsiúla chun an tionchar is mó, barr feabhais eolaíoch agus an úsáid is éifeachtaí agus is éifeachtúla acmhainní a áirithiú. Cuirfear toradh an fhaireacháin agus na n-athbhreithnithe tréimhsiúla leis an bhfaireachán ar chomhpháirtíochtaí Eorpacha mar chuid de mheastóireachtaí Fís Eorpach de bhun Airteagail 50 agus 52 de Rialachán (AE) 2021/695.

2. Eagróidh PRIMA-IS faireachán agus tuairisciú leanúnach ar bhainistíocht agus ar chur chun feidhme a ngníomhaíochtaí agus na n-athbhreithnithe tréimhsiúla ar aschuir, torthaí agus tionchar na ngníomhaíochtaí indíreacha cistithe a chuirtear chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 50 de Rialachán (AE) 2021/695 agus Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin.

3. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht eatramhach ar PRIMA ***faoin 31 Nollaig 2025*** agus meastóireacht deiridh ***faoin 31 Nollaig 2031*** faoi chuimsiú mheastóireachtaí Fís Eorpach de bhun Airteagal 52 de Rialachán (AE) 2021/695, le cúnamh ó shaineolaithe neamhspleácha seachtracha a roghnaítear ar bhonn próiseas oscailte trédhearcach. ***Ullmhóidh an Coimisiún tuarascálacha ar bhonn na meastóireachtaí sin, a mbeidh conclúidí na meastóireachtaí agus barúlacha an Choimisiúin iontu. Cuirfidh an Coimisiún a thuarascáil ar an meastóireacht deiridh faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin 30 Meitheamh 2032.***

4. Sna meastóireachtaí eatramhacha agus deiridh dá dtagraítear i mír 3, déanfar scrúdú ar na ***rátaí ratha agus ar na rátaí rannpháirtíochta, lena n-áirítear rátaí ratha agus rátaí rannpháirtíochta Stáit Rannpháirteacha na Meánmhara Theas, agus*** ar chomhlíonadh a mhisean agus a chuspóirí ag PRIMA, agus cumhdófar a ghníomhaíochtaí uile agus déanfar meastóireacht ar a bhreisluach Eorpach, ar a éifeachtacht, ar a éifeachtúlacht, lena n-áirítear a oscailteacht agus a thrédhearcacht, ar ábharthacht na ngníomhaíochtaí a shaothraítear, lena n-áirítear sa tionscal agus ag FBManna***, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus sa tsochaí shibhialta***, agus a gcomhsheasmhacht agus a gcomhlántacht le beartais ábhartha réigiúnacha, náisiúnta agus an Aontais, lena n-áirítear sineirgí le codanna eile den chlár Fís Eorpach, amhail comhpháirtíochtaí, misin, braislí agus cláir théamacha nó shonracha eile. Cuirfear san áireamh sna meastóireachtaí tuairimí ***ó réimse leathan*** geallsealbhóirí, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta. Áireofar leo, i gcás inarb ábhartha, measúnú ar an modh idirghabhála beartais is éifeachtaí le haghaidh aon ghnímh sa todhchaí, chomh maith le hábharthacht agus comhleanúnachas aon athnuachan a d’fhéadfaí a dhéanamh ar PRIMA, i bhfianaise na dtosaíochtaí beartais foriomlána agus an tírdhreach tacaíochta taighde agus nuálaíochta, lena n-áirítear an staid i gcomparáid le tionscnaimh eile a dtacaítear leo trí Fís Eorpach.

Agus na meastóireachtaí sin á ndéanamh aige, déanfaidh an Coimisiún breithniú iomlán ar an tionchar riaracháin ar PRIMA agus féachfaidh sé leis an tionchar riaracháin a laghdú agus áiritheoidh sé go gcoimeádfar an próiseas meastóireachta simplí agus go hiomlán trédhearcach.

5. Foilseoidh an Coimisiún torthaí agus conclúidí na meastóireachtaí dá dtagraítear i mír 3 agus scaipfidh sé iad.

Airteagal 14a
Rúndacht

Gan dochar d'Airteagal 11d, áiritheoidh PRIMA-IS go gcosnófar faisnéis rúnda, a bhféadfadh nochtadh na faisnéise sin lasmuigh d'institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí an Aontais damáiste a dhéanamh do leasanna PRIMA-IS, dá chomhaltaí nó do na rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí PRIMA. Áireofar leis an bhfaisnéis rúnda sin faisnéis phearsanta, faisnéis tráchtála, faisnéis íogair neamh-rúnaicmithe agus faisnéis rúnaicmithe.

Airteagal 14b

Coinbhleachtaí leasa

1. Déanfaidh PRIMA-IS, a chomhlachtaí, a chomhaltaí agus a fhoireann aon choinbhleacht leasa a sheachaint agus a ngníomhaíochtaí á ndéanamh acu.

2. Glacfaidh PRIMA-IS rialacha chun coinbhleachtaí leasa a chosc, a sheachaint agus a bhainistiú i dtaca lena fhoireann, leis na comhaltaí agus le daoine eile atá ag fónamh in aon cheann dá chomhlachtaí nó dá ghrúpaí PRIMA-IS, i gcomhréir le hAirteagal 61 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046.

3. Bunóidh PRIMA-IS cód iompair do chomhaltaí a chomhlachtaí, lena n-áireofar foilsiú na ndearbhuithe maidir le gníomhaíochtaí gairmiúla, leasanna airgeadais agus coinbhleachtaí leasa i gcomhréir le rialacha cosanta sonraí.

Airteagal 14c

Bearta, gníomhaíochtaí agus gealltanais leanúnacha

Bearta nó gníomhaíochtaí PRIMA-IS nó gealltanais na Stát Rannpháirteach dá dtagraítear sa Chinneadh seo arna dtionscnamh nó arna ndéanamh faoi Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013, leanfar dá rialú leis an Rialacháin sin ach amháin i gcás ina bhforáiltear a mhalairt sa Chinneadh seo.’.

*Airteagal 2*

*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

*Seolaithe*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh i/in/sa ...,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |